

**FOIRM AN DEARBHAITHE REACTÚIL Ó AONTAITHEOIRÍ  
LE hAINMNIÚ IARRTHÓIRÍ ÁIRITHE  
I dTOGHCHÁN DÁLA**

Dearbhaímse ..... (*ainm an aontaitheora i gceannlitreacha*)

an méid seo a leanas go sollúnta agus go fírinneach:-

**Sonraí an Aontaitheora**

1. Uimhir agus litreacha ceantair vótaíochta ar Chlár na dToghthóirí atá i bhfeidhm faoi láthair:

\_\_\_\_\_

2. Seoladh ar Chlár na dToghthóirí dá dtagraítear ag 1 (*seoladh i gceannlitreacha*):

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

3. Sonraí teagmhála, lena n-áirítear uimhir theileafóin i rith an lae agus uimhir fóin póca:

\_\_\_\_\_

4. An cineál fianaise fhótaghrafaí arna thabhairt ar aird don fhinné mar aon le haon uimhir shainiúil atá air:

\_\_\_\_\_

**Dáilcheantar/Iarrthóir**

5. Ainm an dáilcheantair reatha Dála ina bhfuil seoladh an aontaitheora ag 2 suite:

\_\_\_\_\_

6. Ainm an iarrthóra (*ainm i gceannlitreacha*):

\_\_\_\_\_

7. Seoladh an iarrthóra (*seoladh i gceannlitreacha*):

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

**Aontú**

- 8. Aontaím le hainmniú an iarrthóra dá dtagraítear ag 6 agus 7 ag an gcéad toghchán Dála eile atá le bheith ann sa dáilcheantar ina bhfuil an seoladh ag 2 suite tráth an toghcháin.
  
- 9. Níor aontaigh mé le hainmniú aon iarrthóra eile sa toghchán dá dtagraítear ag 8 nó in aon toghchán Dála eile a bheidh ann an tráth céanna leis an toghchán sin,

agus déanaim an dearbhú sollúnta seo á chreidiúint go coinsiasach go bhfuil sé fíor agus de bhua an Achta i dTaobh Dearbhuithe Reachtúla 1938.

Síniú an aontaitheora .....

Arna dhearbhu os mo chomhairse .....[*ainm i gceannlitreacha*] [nótaire poiblí] [coimisinéir mionnaí] [feidhmeannach síochána] [comhalta den Gharda Síochána] [oifigeach de chuid an údaráis clárúcháin] ag ..... ar a bhfuil aithne phearsanta agam i.....  
[*an áit a sínítear an dearbhú*] an.....ú lá seo de .....[*dáta*]

.....  
[síniú an fhinné]

Stampa Stáisiún an Gharda  
Síochána/an  
Údaráis  
Chlarúcháin

[más iomchuí]

**FOIRM AN DEARBHAI THE REACTÚIL Ó AONTAITHEOIRÍ**  
**LE hAINMNIÚ IARRTHÓIRÍ ÁIRITHE**  
**I dTOGHCHÁN DÁLA**

**NÓTAÍ**

*(Léigh na nótaí go cúramach le do thoil roimh an dearbhú reachtúil a chomhlánú. Is mar threoir amháin a thugtar na nótaí atá i gceangal leis seo agus ní míniú dlíthiúil iad.)*

**Ginearálta**

Foráiltear leis an Acht Toghcháin (Leasú) 2007 (Uimh. 14 de 2007) nach mór, más rud é nach bhfuil duine ina (h)iarrthóir de chuid páirtí polaitíochta cláraithe, d'fhonn a bheith ainmnithe go bailí chun seasamh mar iarrthóir i dtoghchán Dála, ceann amháin de na nósanna imeachta seo a leanas a chomhlíonadh roimh dheireadh an ama chun ainmniúcháin a ghlacadh:

- (i) dearbhuithe reachtúla a bheith comhlánaithe ag 30 aontaitheoir atá cláraithe mar thoghthóirí Dála sa dáilcheantar iomchuí. Ní mór na haontuithe sin a bheith fianaithe ag Nótaire Poiblí, ag Coimisinéir Mionnaí, ag Feidhmeannach Síochána, ag Nótaire Poiblí, ag comhalta den Gharda Síochána nó ag oifigeach de chuid an údaráis clárúcháin (Comhairle Cathrach nó Contae), nó
- (ii) éarlais €500 a bheith taiscthe leis an gCeann Comhairimh ag an iarrthóir, nó ag duine éigin atá ag gníomhú thar ceann an iarrthóra.

Tá an fhoirm seo le húsáid chun dearbhuithe reachtúla a dhéanamh maidir le haontú faoi (i) thuas; tá cóipeanna den fhoirm iar fáil saor in aisce ó chinn chomhairimh agus ó údaráis chlárúcháin.

Níl aontú bailí ach amháin i leith an dáilcheantair Dála ina bhfuil seoladh an aontaitheora suite tráth an aontaithe le linn an toghcháin.

Féadfar an t-aontú a dhéanamh aon tráth ach ní fhéadfar é a úsáid ach amháin sa chéad ollthoghchán nó fothoghchán eile sa dáilcheantar iomchuí agus téann sé in éag nuair a scoireann Clár na dToghthóirí a bhí i bhfeidhm nuair a rinneadh an dearbhú reachtúil d'fheidhm a bheith aige, d'ainneoin nach raibh aon toghchán den sórt sin ann faoin am sin.

Tá an t-iarrthóir nó an moltóir an iarrthóra freagrach as na haontuithe riachtanacha a fháil, as an 30 dearbhú reachtúil a chur i gceangal leis an bpáipéar ainmniúcháin agus as na doiciméid go léir a sheachadadh ar an gceann comhairimh faoin spriocdháta chun ainmniúcháin a ghlacadh sa toghchán.

Féadfaidh ceann comhairimh a rialú go bhfuil páipéar ainmniúcháin neamhbhailí freisin i gcás páipéir ainmniúcháin gan deimhniú cleamhnachta polaitíochta ó iarrthóir a roghnaigh modh an aontaithe má mheasann sé nó sí nár chomhlíon an t-iarrthóir na ceanglais reachtúla a bhaineann le haontú.

## **Nótaí maidir le Codanna Éagsúla den Fhoirm**

Ní foláir gach cuid den fhoirm a chomhlánú.

**Codanna 1 agus 2:** Is ceart don aontaitheoir a (h)uimhir agus litreacha a c(h)eantair vótaíochta (Cuid 1) agus seoladh (Cuid 2) a chur isteach mar atá sonraithe ar Chlár na dToghthóirí atá i bhfeidhm ar an dáta a dhéantar an dearbhú reachtúil. Féadfar an Clár a iniúchadh in oifigí na comhairle cathrach nó contae nó ar an suíomh gréasáin atá acu; i leabharlanna, in oifigí an phoist agus i Stáisiúin na nGardaí; agus trí [www.checktheregister.ie](http://www.checktheregister.ie).

**Cuid 3:** Cuir isteach sonraí teagmhála, lena n-áirítear uimhir theileafóin i rith an lae agus uimhir fóin póca.

**Cuid 4:** Nuair atá an dearbhú reachtúil á dhéanamh ní foláir do gach aontaitheoir ceann de na doiciméid fhótagrafacha seo a leanas a thabhairt leo chun críocha céannachta – pas, ceadúnas tiomána, cárta aitheantais fostaí ar a bhfuil grianghraf, cárta aitheantais mic léinn arna eisiúint ag foras oideachais agus ar a bhfuil grianghraf, cárta bainc lar a bhfuil grianghraf, nó doiciméad taistil ar a bhfuil ainm agus grianghraf.

Ní foláir ceann de na doiciméid a thabhairt ar aird don fhinné a ghlacann an dearbhú reachtúil, agus ní foláir an cineál doiciméid, mar aon le haon uimhir shainiúil atá air (e.g. uimhir phas), a thairfeadh i gCuid 4.

**Cuid 5:** Cuir isteach ainm an dáilcheantair Dála ina bhfuil an seoladh i gCuid 2 den fhoirm suite ar an dáta a dhéantar an dearbhú reachtúil. Is ceart é a thabhairt do d'aire nach bhfuil aontú bailí ach amháin i leith an dáilcheantair Dála ina bhfuil seoladh an aontaitheora suite tráth an aontaithe le linn an toghcháin.

**Codanna 6 agus 7:** Cuir isteach ainm (Cuid 6) agus seoladh (Cuid 7) an iarrthóra a bhfuil aontú á thabhairt maidir lena (h)ainmniú.

**Cuid 8:** Is é seo an t-aontú foirmiúil le hainmniú an iarrthóra sa chéad toghchán Dála eile atá le bheith ann sa dáilcheantar ina bhfuil an seoladh i gCuid 2 suite le linn an toghcháin.

**Cuid 9:** Ní mór don aontaitheoir a dhaingniú ar an dearbhú reachtúil nach bhfuil sé nó sí tar éis aontú le hainmniú aon iarrthóra eile sa toghchán lena mbaineann nó in aon toghchán eile don Dáil atá le bheith ann an tráth céanna leis an toghchán sin.

Ní foláir don aontaitheoir an dearbhú a shíniú i láthair an fhinné.

### **Finné ar Dhearbhú Reachtúil**

Ní foláir don dearbhú reachtúil a bheith fianaithe ag Nótaire Poiblí, ag Coimisinéir Mionnaí, ag Feidhmeannach Síochána, ag comhalta den Gharda Síochána nó ag oifigeach de chuid an údaráis clárúcháin. I gcás ina dtugtar an ID riachtanach a thabhairt ar aird faoi Chuid 4, foráiltear leis an dlí gur leor an méid sin chun go bhféadfaidh an finné an fhoirm a shíniú á rá go bhfuil aithne phearsanta aige/aici ar an aontaitheoir.

I gcás Gardaí nó oifigeach údaráis chlárúcháin, ní foláir stampa oifigiúil stáisiún na ngardaí nó an údarás clárúcháin a stampáil ar an dearbhú sa bhosca a sholáthraítear chuige sin.

### **Pionóis**

Faoin Acht i dTaobh Dearbhuithe Reachtúla 1938, dlífead fíneáil nach mó ná €2,539 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur ar dhuine a dhéanann, go feasach, dearbhú reachtúil a thabhairt atá bréagach nó míthreorach i bponc ábhartha.